# Leibhéil

***(See English below)***

**A1 – BUNRANG 1 (0 - 14)**

Tá an leibhéal seo dírithe ar dhaoine nach bhfuil eolas ar bith acu ar an nGaeilge nó nach bhfuil acu ach cúpla focal nó frása. **Níl an rang seo oiriúnach dóibh siúd a d'fhreastail ar bhunrang eile le déanaí nó a rinne staidéar ar an nGaeilge ar scoil.** Tá an bhéim ar fhorbairt scileanna labhartha agus éisteachta agus déantar an ghramadach a mhúineadh i gcomhthéacs den chuid is mó.

**A2 – BUNRANG 2 (15 - 29)**

Tá an leibhéal seo oiriúnach do dhaoine a d'fhreastail ar chúrsaí ag an mbunleibhéal (A1) cheana nó atá ábalta cumarsáid bhunúsach a dhéanamh sa Ghaeilge (e.g. beannú do dhaoine agus iad féin a chur in aithne). Ag tús an chúrsa, déantar athchleachtadh ar nithe a mhúintear sa bhunrang ach bogtar ar aghaidh ina dhiaidh sin chuig topaicí nua nach bpléitear leo ag an leibhéal níos ísle. Bíonn an bhéim ar fhorbairt scileanna labhartha agus éisteachta agus déantar an ghramadach a mhúineadh i gcomhthéacs de ghnáth.

**B1 – MEÁNRANG 1 (30 - 44)**

Tá an leibhéal seo dírithe ar dhaoine a rinne staidéar ar an nGaeilge ar scoil, b'fhéidir roinnt mhaith blianta ó shin, a thuigeann go leor den teanga ach nach raibh mórán deiseanna acu ar í a úsáid le blianta beaga anuas. Bíonn an bhéim ar fhorbairt scileanna labhartha agus éisteachta ach bíonn deiseanna ag na foghlaimeoirí an teanga a scríobh agus a léamh ó am go chéile freisin. Múintear an ghramadach i gcomhthéacs, de réir mar a bhíonn sí ag teastáil.

**B2 – MEÁNRANG 2 (45 - 59)**

Tá an leibhéal feiliúnach do dhaoine atá breá ábalta comhrá a dhéanamh trí Ghaeilge agus a úsáideann í ó am go chéile – go sóisialta, mar shampla. Bíonn seans ag na rannpháirithe cur lena stór focal agus lena n-eolas ar ghramadach na teanga. Déantar plé ar thopaicí níos casta ná na cinn a bhíonn i gceist i Meánrang 1 agus bíonn níos mó béime ar an léitheoireacht ná mar a bhíonn sa leibhéal níos ísle sin.

# Levels

**A1 – BEGINNERS (0 - 14)**

This level is aimed at those who have no knowledge of the Irish language or who know only a few words and phrases. **The class is not suitable for someone who has recently attended a beginners course or who has studied Irish at secondary school.** The emphasis is on developing speaking and listening skills and grammar is taught in context for the most part.

**A2 – ELEMENTARY (15 - 29)**

This level is suitable for those who have already attended a beginners class or who are able to communicate at a basic level in Irish (e.g. they can greet people and introduce themselves). The material covered in the beginners class is revised at the beginning of the course but the class then progresses to other topics not covered at the lower level. Emphasis is on developing speaking and listening skills and grammar is taught in context for the most part.

**B1 – LOWER INTERMEDIATE (30 - 44)**

This level is intended for those who have studied Irish at school, perhaps a good number of years ago, who understand a great deal of the language but have had few opportunities to use it in recent years. The emphasis is on developing speaking and listening skills, but students are also given the opportunity to read and to write the language. Grammar is taught in context, as it is required.

**B2 – UPPER INTERMEDIATE (45 - 59)**

Suitable for people who are comfortable speaking Irish and who use the language from time to time – in a social context, for example. Participants have an opportunity to extend their vocabulary and to learn more about Irish grammar. The topics discussed in class are more challenging than those covered at the lower intermediate level and there is also a greater emphasis on reading.